

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Iúil 2013 – Nollaig 2014



**etb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
*Education and Training Board*

# Clár Ábhar

Brollaigh	3
Ráiteas Misin BOOMESL	5
Ceantar BOOMESL	5
Próifíl BOOMESL	6
Comhdhéanamh an Bhoird	7
Comhaltaí Boird	7
Comhaltaí den Choiste	8
Coistí BOOMESL	8
Institiúidí Teicneolaíochta	9
Rialachas Corparáideach	10
Ról an Bhoird	10
Coistí	10
Rialú Inmheánach	11
Príomhfheidhmeannach	11
Oifigí Riaracháin	11
Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta	12
Tuarascáil Airgeadais	13
Achoimre Airgeadais	13
Straitéis Airgeadais	13
Cuntasacht Reachtúil	13
Faisnéis Airgeadais	14
Scoileanna BOOMESL	17
Tuarascáil ar Fhoirgnimh	19
Tionscadail tógála Mhaigh Eo	19
Tionscadail tógála Shligigh	19
Tionscadail tógála Liatroma	20
Foirgnimh BOOMESL nach bhfuil áitithe	21
Obair don Ógra	22
Feidhm Reachtúil Oibre don Ógra BOOMESL	22
Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Oibre don Ógra (CCNC)	22
Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha	22
Cistiú a Riar do Sheirbhísí don Ógra	23
Príomhlimistéir Oibre Eile	23

An Clár Críochnaithe Scolaíochta _____	24
Glúin an Cheoil _____	24
Glúin an Cheoil, Maigh Eo _____	25
Glúin an Cheoil, Sligeach _____	26
Ionaid Oiliúna BOOMESL _____	28
Soláthar an Phlean Gnó _____	28
Printíseacht _____	28
Oiliúint in Ionad Shligigh agus Bhéal an Átha _____	28
Oiliúint Phobail _____	28
Idirghníomhú le páirtithe leasmhara eile _____	29
Uasghráduithe agus cláir nua a sholáthar _____	29
Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh Acla _____	30
Breisoideachais _____	31
Léargas Ginearálta _____	31
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas _____	31
An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh _____	32
Oideachas Pobail _____	34
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (an SDOG) _____	34
Seirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais d'Aosaigh _____	35
Scileanna don Obair _____	38
Ógtheagmháil _____	39
Oideachas Ealaíon Shligigh-Liatroma _____	40
Faisnéis Teagmhála _____	41
Gluais _____	42

## Brollaigh

Is mór an sásamh dom fáilte a chur roimh an gcéad Tuarascáil Bhliantúil a foilsíodh thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Leagtar amach sa tuarascáil seo an rath a bhí ar an eagraíocht deiseanna ardchaighdeán oideachais agus oiliúna a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí ó Iúil 2013 go Nollaig 2014.

Foráladh san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, do 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann nua a bhunú a thiocthaidh in ionad na 33 CGO reatha. An 1 Iúil 2013, rinneadh CGO Chontae Mhaigh Eo, CGO Chontae Shligigh agus CGO Chontae Liatroma a chónascadh chun Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) a chruthú. Rinneadh iar-Ionaid Oiliúna FÁS i Sligeach agus Béal an Átha ina dhiaidh sin isteach in aonán nua BOOMESL in Iúil 2014. Sainíodh go raibh an cheannoifig lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, agus bhí oifigí riaracháin suite i Sligeach agus i gCora Droma Rúisc, Contae Liatroma.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile thiomnaithe BOOMESL a d'oibrigh go dian dícheallach chun an cumasc a thabhairt chun cinn. Mar fhoireann, leanann BOOMESL ag díriú ar ár gcuspóir chun oideachas agus oiliúint ardchaighdeán a sholáthar d'fhoghlaimoirí amach anseo agus is mian liom an fhoireann go léir a mholadh de réir mar a oibríonn siad le chéile chun seo a bhaint amach. Guím rath leanúnach orthu amach anseo.

**Tereasa McGuire, Chairperson**

Tá gliondar croí orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma sa tréimhse ó Iúil 2013 go Nollaig 2014.

Tugtar cuntas sa tuarascáil ar an tsraith fhairsing gníomhaíochtaí agus tionscnamh a chuirtear ar fáil faoi shainchúram BOOMESL agus léirítear ann an méid a baineadh amach.

An 1 Iúil 2013, rinneadh Coistí Gairmoideachais Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a chumasc le chéile agus rinneadh údarás oideachais amháin díobh – BOOMESL. Ina theannta sin, rinneadh iar-Ionaid Oiliúna FÁS faoi choimirce SOLAS a chorprú isteach san aonán nua seo in 2014. Próiseas atá sa chumasc a bhfuilimid ag tabhairt faoi de réir a chéile agus ba mhian liom tiomantas agus dúthracht ár bhfoirne a aithint a léirigh an-tiomantas agus a d'oibrigh as lámh a chéile gan stad gan staonadh de réir mar a leanann an próiseas ar aghaidh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na daoine seo a leanas:

- An Cathaoirleach agus na comhaltaí Boird as a gcomhoibriú i dtacú le BOOMESL i rith na tréimhse aistrithe seo.
- Comhaltaí na mBord Bainistíochta agus coistí BOOMESL a chaitheann a gcuid ama chomh flaitiúil sin chun obair na heagraíochta a chur chun cinn.
- Ár bhfoireann iontach, thiomnaithe agus dhílis ag BOOMESL, agus le bainistíocht agus foireann ár scoileanna, ionaid agus oifigí riaracháin don ghairmiúlacht agus don tseirbhís thiomnaithe a sholáthair siad don eagraíocht.

**Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach**

## Réamhrá

Is é cuspóir na tuarascála seo cuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) don tréimhse ón dáta bunaithe an 1 Iúil 2013, go dtí an 31 Nollaig 2014.

Cuireann BOOMESL réimse fairsing seirbhísí ar fáil a fhreagraíonn ar riachtanais éagsúla na bpobal áitiúil ar fud an réigiúin. Tá sé ar cheann de 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna a oibríonn laistigh den stát agus tá freagracht orthu as réimse seirbhísí a sholáthar, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, obair don ógra agus seirbhísí tacaíochta eile ina measc do dhaoine óga agus fásta laistigh de Mhaigh Eo, Sligeach, agus Liatroim.

Tá cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO) in ainm is freastal ar riachtanais shonracha spriocghrúpaí ar nós cúramaithe baile, daoine atá ag lorg chun filleadh ar an obair, daoine dífhostaithe agus oideachas agus oiliúint a chur ar bhaill de phobal an Lucht Siúil.

Cuirtear oideachas bunúsach, litearthacht, Oideachas Pobail, treoir do dhaoine fásta, oideachas sna healaíona, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG), Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (CIATanna) agus an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an TFAO) ar fáil ag láithreacha éagsúla ar fud na dtrí chontae. Limistéir atá in ionaid Ógtheagmhála, tacaíochtaí oibre don ógra agus oideachas taobh amuigh a thugann faoi chuimsiú shainchúram BOOMESL, chomh maith.

Tá 21 comhalta ar Bhord BOOMESL a dhéanann ionadaíocht d'údaráis áitiúla, leasanna oideachais agus an phobail i gcoitinne, tuismitheoirí, fostaithe agus daoine ar spéis leo agus a bhfuil taithí acu san oideachas ina measc. Is é ceann feidhmiúcháin na heagraíochta an Príomhfheidhmeannach (PF) agus tacaíonn foireann bhainistíochta sinsearaí leis. Tá an PF agus an fhoireann bhainistíochta freagrach go foriomlán as cur i bhfeidhm na seirbhísí a ndéantar cur síos orthu sa Tuarascáil Bhliantúil.

## Ráiteas Misin BOOMESL

Is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma sármhaitheas oideachais a sholáthar agus tacú le timpeallacht atá struchtúrtha d'fhoghlaim optamach.

## Ceantar BOOMESL



## Próifíl BOOMESL

- Tá sainchúram tíreolaíoch níos mó ag BOOMESL (9,014km<sup>2</sup>) ná aon BOO eile.
- Freastalaíonn sé ar dhaonra 227,829 duine<sup>1</sup>
- Tá a cheannoifig i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, agus tá a oifig riaracháin i gCora Droma Rúisc, Contae Liatroma.
- 19 n-iar-bhunscoil
- 3 Cholaíste Breisoideachais (Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart agus Sligeach)
- Réimse fairsing seirbhísí breisoideachais ar fud trí chontae, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (an SDOG), an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an BTEI), Oideachas Pobail, Seirbhísí Treorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta, Litearthacht Daoine Fásta agus Scileanna don Obair ina measc
- 4 ionad Ógtheagmhála (Béal an Átha, Baile an Róba agus Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo agus Shligigh)
- 2 Ionad Oiliúna (Sligeach agus Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo)
- Seirbhísí Oibre don Ógra
- 2 Chlár Críochnaithe Scolaíochta (Maigh Eo Thuaidh agus Maigh Eo Theas)
- 2 Chomhpháirtíocht Ghiniúna Ceoil (Maigh Eo agus Sligeach)
- Buiséad €91.3 milliún do thréimhse na tuarascála seo
- thart ar 1,650 comhalta foirne.

---

<sup>1</sup> Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011, Daonra ag gach Daonáireamh ó 1841 go 2016 (Líon) de réir Gnéis, Contae agus Bliain Daonáirimh. Arna rochtain ag: [http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Database/eirestat/Summary%20Results%20Part%201/Summary%20Results%20Part%201\\_statbank.asp?SP=Summary%20Results%20Part%201&Planguage=0](http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Database/eirestat/Summary%20Results%20Part%201/Summary%20Results%20Part%201_statbank.asp?SP=Summary%20Results%20Part%201&Planguage=0)

## Comhdhéanamh an Bhoird

Tá 21 comhalta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, ina measc:

- 12 ionadaí Údaráis Áitiúil (6 ó Mhaigh Eo, 3 ó Shligeach, 3 ó Liatroim)
- 2 chomhalta foirne le BOOMESL
- 2 ionadaí tuismitheora
- 5 ionadaí sainspéise / pobail

## Comhaltaí Boid

1. John Caulfield, CCME	12. Enda Stenson, CCL
2. Lisa Chambers, CCME	13. Peter Sheridan
3. Tom Connolly, CCME	14. Enda Cawley
4. Christy Hyland, CCME	15. Susan Mary Finan
5. Tereasa McGuire, CCME	16. John O'Brien
6. Thérèse Ruane, CCME	17. Niall Cafferty
7. Margaret Gormley, CCS	18. Paul Ainsworth
8. Séamus Kilgannon, CCS	19. Malachy Molloy
9. Joseph Queenan, CCS	20. Kieran O'Dowd
10. Mary Bohan, CCL	21. Sinéad Dore
11. Paddy O'Rourke, CCL	



Sa phictiúr: comhaltaí an Bhoird i dteannta fhoireann BOOMESL, Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach (an ceathrú duine ó chlé chun tosaigh) agus Tereasa McGuire, Chairperson (an dara duine ó dheis chun tosaigh) ina measc



## Comhaltaí den Choiste

### Coistí BOOMESL

**(i) An Coiste Iniúcháireachta**

An Comh. Séamus Kilgannon  
An Comh. Christy Hyland  
Malachy Molloy  
Des Mahon (Cathaoirleach)  
Lauri Quinn  
Pearce O'Malley

**(ii) An Coiste Airgeadais**

An Comh. Joe Queenan  
An Comh. Mary Bohan (Cathaoirleach)  
An Comh. Paddy O'Rourke  
An Comh. Tom Connolly  
Séan Duffy (comhalta seachtrach)

**(iii) An Coiste Breisoideachais agus Oiliúna**

Páraic McAuliffe  
An Comh. Tereasa McGuire (Cathaoirleach)  
An Comh. John Caulfield  
An Comh. Séamus Kilgannon  
An Comh. Margaret Gormley  
Evelyn Cafferty  
An Comh. Paddy O'Rourke

**(iv) Coiste Ógtheagmhála**

Enda Stenson  
Christy Hyland  
Jack Lynch (Cathaoirleach)  
Noel Lee  
Michael Fahy  
Peadar Gardiner  
Mike Rainsford

**(v) Coiste Comhairleach Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla**

An Comh. Mary Bohan  
An Comh. Enda Stenson  
An Comh. Tereasa McGuire (Cathaoirleach)  
Pat Kilbane  
An Comh. Séamus Kilgannon  
An Comh. Margaret Gormley

## **Institiúidí Teicneolaíochta**

### **(i) IT, Sligeach**

An Comh. Tereasa McGuire  
An Comh. Margaret Gormley  
An Comh. Joseph Queenan  
An Comh. Mary Bohan  
David McGuinness

**Ainmnithe BOOMESL**

Geoffrey Browne

**Ainmní BOO Dhún na nGall**

Angela Bartlett  
Michael Barrett  
Veronica Cawley

**Ainmnithe Foirne Acadúla**

**Ainmní Foirne Neamhacadúla**

Cillin Folan  
Helen Campbell

**Ainmnithe Mac Léinn**

Mary Dolan McLoughlin

**Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU)**

Philip Delamere  
Conor Murphy  
Felim McNeela  
Helen Boyce  
Paraic Casey

**Ainmnithe na Comhairle Acadúla**

### **(ii) Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT)**

An Comh. Tereasa McGuire  
agus  
Seosamh Mac Donncha

### **(iii) Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

An Comh. Margaret Gormley  
agus  
An Comh. Séamus Kilgannon

## Rialachas Corparáideach

### Ról an Bhoird

Tá 21 comhalta ann ar Bhord BOOMESL. Tá feidhmeanna reachtúla *Forchoimeáda* aige, faoi mar a leagtar amach in Alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tacaíonn feidhmeannacht leis an mBord atá freagrach as seirbhísí, bainistíocht laethúil agus feidhmeanna nach bhfuil forchoimeáda don Bhord a chur i bhfeidhm.

Cuireann comhaltaí BOOMESL agus foireann ainmnithe Nochtadh Leasanna bliantúil ar fáil maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar thabhairt faoi fheidhmeanna. Chuir an Bord na cruinnithe riachtanacha sceidealaithe ar bun i rith na bliana. Coimeádtar clár freastail agus miontuairiscí boird ar chruinnithe agus glactar leo chun tacú le cruinnithe Boird.

Cuirtear an cháipéisíocht chuí ar fáil do chomhaltaí Boird ina dtugtar cuntas ar a bhfeidhmeanna agus freagrachtaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm do chomhaltaí, chun a ndualgais a chur chun cinn, chun glacadh le comhairle neamhspleách ghairmiúil.

### Coistí

Bhunaigh an Bord roinnt coistí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta, Boird Bhainistíochta agus coistí eile mar a theastaigh, ina measc. Is éard atá sna coistí seo comhaltaí Boird agus/nó ionadaíocht eile lena gcomhaontaítear.

#### **An Coiste Iniúcháireachta**

Bhí beirt Chomhaltaí de BOOMESL agus ceathrar comhaltaí seachtracha sa Choiste Iniúcháireachta. Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar an gCoiste Iniúcháireachta agus bhí sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bhFeidhmeannacht i dtabhairt faoina fheidhmeanna agus thug sé dearbhú don Bhord maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas Rialaithe Inmheánaigh. Fuair sé tuarascálacha ón bhFeidhmeannacht, tuarascálacha iniúcháireachta seachtraí a sholáthair an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC agus C) agus tuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí a sholáthair an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna (All-BOOanna). Tugann an Bord aird ar an gCoiste Iniúcháireachta i dtaobh glacadh le Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a fhaomhadh.

#### **An Coiste Airgeadais**

Bhí cúigear comhaltaí sa Choiste Airgeadais, comhalta seachtrach amháin ina measc. Tá freagracht ar an gCoiste Airgeadais as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas an Bhoird, conarthaí móra a bronnadh agus gnéithe airgeadais de phleananna oideachais agus oiliúna. Glacann an Bord le miontuairiscí chruinnithe an Choiste Airgeadais chun breithniú a dhéanamh orthu agus chun cabhrú le dearbhú a sholáthar go bhfuil pleananna oideachais agus oiliúna á gcur i bhfeidhm.

## Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú. Tá freagracht laethúil ar an bhFeidhmeannacht as an gcóras rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar nósanna imeachta mionsonraithe riaracháin, leithdheighilt dualgas, tairseacha údaraithe ar leithdheighilt agus athbhreithniú rialta ag an mbainistíocht ar thuarascálacha ina dtugtar cuntas ar thorthaí iarbhír agus buiséadta na gclár éagsúil.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an méid seo a leanas:

- Obair an Choiste Iniúcháireachta
- Príomhfeidhmeannach (PF), atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Moltaí an ARC agus C.

## Príomhfeidhmeannach

Tá an PF freagrach as tabhairt faoi fheidhmeanna feidhmiúcháin an Bhoird agus tá sé cuntasach leis an mBord chun tabhairt faoi na feidhmeanna siúd. Caithfidh an PF faisnéis a sholáthar maidir le feidhmíocht don Bhord agus don Aire Oideachais agus Scileanna, faoi mar a d'fhéadfadh bheith ag teastáil.

## Oifigí Riaracháin

Tá baint lárnach ag na hoifigí riaracháin maidir le hoibríochtaí BOOMESL, a ghníomhaíonn mar mhol do gach seirbhís agus ionad BOO. Tá an cheannoifig lonnaithe sa Bhaile Nua, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo agus tá oifigí riaracháin ann ar Shráid na Cé, Sligeach agus Ardán Sheoirse Naofa, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma. Soláthraítear na feidhmeanna riaracháin trí thrí limistéar tacaíochta agus forbartha eagraíochtúla ina bhfuil Airgeadas, Acmhainní Daonna (AD) agus Seirbhísí Corparáideacha.

## Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

Tacaíonn an bhainistíocht, an fhoireann riaracháin agus choimhdeach atá suite sna hoifigí riaracháin i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim agus i scoileanna agus ionaid le gach ceann de na seirbhísí oideachais a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Ábhar bróid do BOOMESL is ea gur fhóin go leor den fhoireann seo le tiomantas agus gradam i gcaitheamh líon fada blianta. Is féidir seirbhísí tacaíochta eagraíochta agus forbartha a roinnt faoi thrí phríomhtheideal:

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear le **Airgeadas** na seirbhísí seo a leanas:

- Párolla
- Creidiúnaithe
- Bainistíocht baincéireachta agus státchiste
- Féichiúnaithe
- Admhálacha a thabhairt ar ioncam
- Buiséadú agus tuar
- Ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú
- Na hiniúcháireachtaí airgeadais go léir a éascú (e.g. leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC agus C) agus an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna (AI-BOO)).

Áirítear le **hAcmhainní Daonna**:

- Earcaíocht agus treoshuíomh a sholáthar d'fhostaithe nua
- Ceapadh le Poist Freagrachtaí
- Reachtaíocht fostaíochta agus creat rialála
- Pinsin
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
- Conarthaí fostaíochta
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Creidmheas incriminteach
- Asláithreacht / Saoire bhliantúil
- Leithdháileadh Múinteoirí
- Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus Dínit ag an Obair / Folláine Fostaithe
- Caidreamh tionsclaíoch / foirne (e.g. comhaontuithe comhchoiteanna, idirbheartaíocht cheardchumainn)
- Nósanna Imeachta Casaoide agus Disciplíneacha
- Rollú scoile

Áirítear le **Seirbhísí Corparáideacha**:

- Rialachas
- Soláthar
- Sláinte agus sábháilteacht
- Bainistíocht riosca
- Saoráil Faisnéise (SF)
- Cosaint Sonraí
- Seirbhísí dlí
- TFC
- Foirgnimh agus eastáit
- Árachas

## Tuarascáil Airgeadais

### Achoimre Airgeadais

Tá BOOMESL cistithe go díreach ag an ROS chun a sheirbhísí a sholáthar in iar-bhunscoileanna, agus ag an ROS trí SOLAS do chlár BOO.

In 2013-2014, sholáthair Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais cistiú do thionscadail áirithe eile, chomh maith, an méid seo a leanas ina measc:

- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Sláinte

Tiomsaítear cistí, chomh maith, trí tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí, táillí teagaisc, seomraí a fháil ar cíos agus gníomhaíochtaí éagsúla ar leibhéal áitiúil ina measc. B'ionann fáltais an Bhoird don tréimhse thuairiscithe seo agus €91.3 milliún. As na fáltais iomlána don tréimhse, bhain €2.9 milliún leis an gclár Caipitil.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC agus C), a chuireann tuarascáil ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais, iniúcháireacht gach bliain ar BOOMESL.

Tá BOOMESL freagrach as cuntais a choimeád agus comhlíonann BOOMESL a oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim go hiomlán.

### Straitéis Airgeadais

Is é cuspóir na feidhme Airgeadais chun tacú leis an mBord chun na cuspóirí a bhaint amach, laistigh den bhuiséad, a leagtar amach sa Litir Chinnidh ón Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS), an litir leithdháilte ó SOLAS agus foinsí eile. Áirítear le tacaíocht airgeadais tacaíocht le cinnteoireacht, rialú comparáideach ar airgead poiblí, idirbhearta a phróiseáil agus cuntasacht reachtúil.

### Cuntasacht Reachtúil

Baineann riachtanais dhiana chuntasachta le BOOMESL. Áirítear leis na riachtanais seo cuntais bhliantúla a ullmhú i bhformáid atá forordaithe ag an ROS agus go ndéanfaidh an ARC agus C iniúchadh ar na cuntais seo. Tá BOOMESL faoi réir iniúcháireachta, chomh maith, ag an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna (All-BOO).

Tá córas rialaithe airgeadais i bhfeidhm le comhlíonadh na riachtanas seo a chinntiú agus lena chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí go héifeachtach. Sásaíonn BOOMESL a oibleagáidí faoi na dlíthe cánachais agus cinntíonn sé go n-íoctar na dliteanais chánach go léir ar na dátaí ábhartha nó rompu.

## Faisnéis Airgeadais

### Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma Cuntas Oibriúchain do na hOcht Mí Dhéag Dar Críoch an 31 Nollaig 2014

	<b>2014</b>
<b>FÁLTAIS</b>	<b>€</b>
Scoileanna agus an Cheannoifig	52,709,553
Breisoideachas agus Oiliúint	25,474,506
Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn	2,225,363
Seirbhísí don Ógra	486,821
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail	
Fhéinmhaoinithe	7,576,156
Caipiteal	2,878,683
	<u>91,351,082</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>	
Scoileanna agus an Cheannoifig	51,584,887
Breisoideachas agus Oiliúint	24,549,756
Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn	1,853,912
Seirbhísí don Ógra	498,325
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail	
Fhéinmhaoinithe	6,909,204
Caipiteal	2,517,498
	<u>87,913,582</u>
Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	3,437,500
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	<u>-3,762,310</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim Fhabhraithe don Tréimhse</b>	<b>-324,810</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim an 1/07/2013</b>	<b>179,664</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim an 31/12/2014</b>	<u><u>-145,146</u></u>

#### Pá an Phríomhfheidhmeannaigh:

I gcomhréir le scálaí pá a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna, íodadh €162,992 le Príomhfheidhmeannach (PF) BOOMESL, a ceapadh an 1 Iúil 2013, sna hocht mí dhéag a fhad leis an 31 Nollaig 2014. Íodadh ÁSPC Fostóra €3,502, chomh maith. Ní dhearna an PF aon taisteal eachtrach i rith na tréimhse.

## Costais Chomhaltaí Boird:

Íoctar costais le comhaltaí Boird as taisteal chuig cruinnithe a bhain leis an mBord. B'ionann na costais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta sna hocht mí dhéag a fhad leis an 31 Nollaig 2014 agus:

Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúla	Boird Agallaimh	Freastal ar Chomhdhála/Sheimineáir	Eile	Iomlán	Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu
	€	€	€	€	€	
Thérèse Ruane	644	-	-		644	11
Teresa McGuire	1,494	444	-	678	2,616	10
Christy Hyland	1,553	3,035	-	59	4,647	11
Mary Kelly	892	2,613	-	165	3,670	5
Johnnie O'Malley	858	-	-	-	858	7
Austin Francis O'Malley	780	-	-	-	780	4
Tom Connolly	1,716	-	-	217	1,933	12
Blackie Gavin	559	-	-	-	559	5
Michael McNamara	941	-	-	106	1,047	3
Richard Finn	735	-	-	97	832	5
Jarlath Munnely	1,331	96	439	211	2,077	5
Patsy O'Brien	981	-	-	-	981	4
John O'Hara	642	-	-	-	642	5
Eddie Staunton	969	-	381	61	1,411	5
Clodagh Geraghty	648	-	2,891	-	3,539	4
Nonie McGee	548	524	-	-	1,072	2
Pat Kilbane	2,552	-	9,139	494	12,185	7
Paddy Naughton	1,089	1,133	-	-	2,222	6
Paraic Cosgrove	1,523	243	-	38	1,804	7
Sara Kelly	-	-	-	-	-	0
Ger King	501	-	-	114	615	5
Paul Ainsworth	106	-	331	-	437	4
John Caulfield	-	-	-	-	-	5
Lisa Chambers	-	-	-	-	-	1
Peter Sheridan	-	-	397	646	1,043	6
Martin Baker	395	-	-	-	395	5
Mary Barrett	685	1,975	-	-	2,660	5
Veronica Cawley	402	-	-	-	402	5
David Cawley	994	-	-	-	994	7
Paul Conmy	1,603	-	-	-	1,603	7
Michael Fleming	737		259	47	1,043	7
Margaret Gormley	1,192	813	-	-	2,005	9
Hubert Keaney	908	-	-	41	949	7
Seamus Kilgannon	1,443	2,277	-	222	3,942	12
Mollie Lee	728	-	-	-	728	6
Joe Leonard	971	1,085	5,356	323	7,735	7



Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúla	Boird Agallaimh	Freastal ar Chomhdhála/Sheimineáir	Eile	Iomlán	Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu
	€	€	€	€	€	
Matt Lyons	1,072	-	-	41	1,113	5
Ken Maguire	1,237	-	-	1,395	2,632	6
Dara Mulvey	1,222	-	-	57	1,279	7
Una O'Gara	970	-	-	88	1,058	7
Teresa O'Rourke	249	-	-	-	249	2
Joseph Queenan	1,314	778	-	-	2,092	10
Michael White	703	-	-	-	703	7
Mary Bohan	1,460	4,047	5,379	-	10,886	11
Damien Brennan	1,016	1,767	308	-	3,091	7
Evelyn Cafferty	446	-	-	-	446	4
Ita Flynn	575	-	-	-	575	4
Francis Gilmartin	1,014	-	-	-	1,014	7
Martin Kenny	618	-	-	-	618	5
Sean Loughlin	1,020	-	-	-	1,020	6
Siobhain McGloin	770	-	365	-	1,135	6
John McTernan	557	-	-	-	557	5
Enda McGloin	702	593	409	-	1,704	6
Paschal Mooney	445	-	-	-	445	4
Geraldine Mulligan	839	-	756	-	1,595	5
Thomas Mulligan	463	-	-	-	463	5
LPR Margaret O'Rourke	126	-	-	-	126	1
Paddy O'Rourke	559	-	-	-	559	4
Enda Stenson	1,561	-	-	-	1,561	11
John Ward	678	-	-	-	678	6
Sinead Dore	949	-	-	-	949	7
Sean Wynne	848	-	-	-	848	7
Enda Cawley	662	-	-	-	662	5
Susan Finan	315	-	-	-	315	4
Malachy Molloy	-	-	-	-	-	3
Kieran O'Dowd	-	-	-	-	-	2
John Gardiner	376	-	-	-	376	4
<b>Iomlán</b>	<b>53,886</b>	<b>21,423</b>	<b>26,410</b>	<b>5,100</b>	<b>106,819</b>	

Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma leis an Ráiteas Airgeadais ag a chruinniú Boird an 18 Nollaig 2017.

## Scoileanna BOOMESL

Tá BOOMESL freagrach as bainistíocht agus oibriú 19 n-iar-bhunscoil aitheanta i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim. Cuimsítear san fhigiúr seo dhá Choláiste aonair Breisoideachais, Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart agus Coláiste Chonnacht Thuaidh. Leagtar amach sonraí faoi scoileanna BOOMESL sa tábla thíos.

SCOILEANNA	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Raithní, Gob an Choire, Contae Mhaigh Eo, F28 CP49 <a href="http://colaistepobailacla.ie/">http://colaistepobailacla.ie/</a>
Coláiste Davitt agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Gort an Tobair, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, F23 VY15 <a href="http://www.davittcollege.com">www.davittcollege.com</a> / An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, F23 EW84 <a href="https://ccfe.ie/">https://ccfe.ie/</a>
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, F26 W884 <a href="http://www.moynecollege.ie">www.moynecollege.ie</a>
Coláiste Chomáin	Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo, F26 YR99 <a href="http://www.gcr.ie">www.gcr.ie</a>
Coláiste Naomh Breandán	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo, F26 C782 <a href="http://www.stbrendanscollege.com">www.stbrendanscollege.com</a>
Coláiste Pobail Naomh Seosamh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Contae Mhaigh Eo, F12 WE19 <a href="http://www.sjcc.ie">www.sjcc.ie</a>
Coláiste Phádraig	Crois na Leacan, Cill Ala, Contae Mhaigh Eo, F26 NW52 <a href="http://www.lackencross.ie">www.lackencross.ie</a>
Coláiste Naomh Tiarnán	Crois Mhaoilíona, Contae Mhaigh Eo, F26 WK25 <a href="http://mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/">mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/</a>
Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart	Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, F28 TP82 <a href="http://www.westportcfe.ie">www.westportcfe.ie</a>
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach, F91 DY66, <a href="http://www.ballinodecollege.com">www.ballinodecollege.com</a> / <a href="http://www.sligocfe.ie">www.sligocfe.ie</a>
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Contae Shligigh, F26 EC56 <a href="http://www.colaisteiascaigh.ie">www.colaisteiascaigh.ie</a>
Iar-Bhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Contae Shligigh, F52 XE71 <a href="http://www.coola.ie">www.coola.ie</a>
Coláiste an Chorainn	Baile an Mhóta, Contae Shligigh, F56 DP86 <a href="http://www.corrancollege.com">www.corrancollege.com</a>
Iar-Bhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Contae Shligigh, F91 F722 <a href="http://grangepps.ie">grangepps.ie</a>
Coláiste Chonnacht Thuaidh	Tobar an Choire, Contae Shligigh, F91 X883 <a href="http://northconnaughtcollege.net">northconnaughtcollege.net</a>
Liatroim	
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Contae Liatroma, H12 TD72 <a href="http://mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school">mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school</a>
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma, N41 D623 <a href="http://www.dvs.ie">www.dvs.ie</a>
Coláiste Loch Aillion	Droim Caorthainn, Contae Liatroma, N41 XT98 <a href="http://www.loughallencollege.ie">www.loughallencollege.ie</a>
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Contae Liatroma, N41 YT72 <a href="http://mohillcommunitycollege.ie">mohillcommunitycollege.ie</a>

Cuireann scoileanna BOOMESL timpeallacht fháilteach agus chuimsitheach ar fáil, tá tiomantas do shármhaitheas sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim agus, trí cheannaireacht láidir scoile, tá siad tiomnaithe do chinntiú go mbaineann mic léinn a lánchumas amach. Tá foireann shármhaith ag BOOMESL de mhúinteoirí ardcháilithe agus taithíocha atá tiomanta do rath, ionchais a ardú, deiseanna a sholáthar deiseanna agus bheith meáite ar fhreastal ar riachtanais ár mic léinn go léir i suíomhanna cúraim agus tacúla. Seachas timpeallacht láidir acadúil agus chruthaitheach a sholáthar, cuireann gach ceann dár scoileanna gníomhaíochtaí dinimiciúla seach-churaclaim spóirt agus gníomhaíochtaí cultúrtha.

Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil inár iar-bhunscoileanna:

- Clár an Teastais Shóisearaigh
- Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh
- Clár na hIdirbhliana
- Clár na hArdteistiméireachta
- Gairmchláir na hArdteistiméireachta
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Cuireann ár scoileanna réimse fairsing ábhar ar fáil a fhad le leibhéal na hArdteistiméireachta.

D’oibrigh scoileanna agus an fhoireann go dian i rith na bliana chun uasoiliúint a sholáthar mar ullmhú d’athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, anuas ar an-chuid gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar do scoláirí. Anuas air sin, sholáthair go leor dár gcoláistí sraith Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT), a léiríonn cumas BOOMESL chun freagairt ar agus nuálú a dhéanamh ar bhealach bríoch i dtaobh riachtanais fágóirí scoile agus foghlaimoírí fásta.

## Tuarascáil ar Fhoirgnimh

Cuirtear léargas ginearálta ar fáil sna liostaí seo a leanas ar an réimse tionscadail tógála a tugadh chun críche nó a cuireadh chun cinn i rith thréimhse na tuarascála seo.

### Tionscadail tógála Mhaigh Eo

- **Coláiste Davitt, Caisleán an Bharraigh**
  - Tairiscintí a thabhairt chun cinn chun cóiríocht bhreise seomra ranga a sholáthar.
- **Coláiste Naomh Tiarnán, Crois Mhaoilíona**
  - Pleananna a thabhairt chun cinn chun cóiríocht bhreise seomra ranga a sholáthar.
- **Foirgnimh Kingsbridge, Caisleán an Bharraigh**
  - Obair idir lámha ar ionad breisoideachais agus oiliúna a fhorbairt.
- **Coláiste na Maighne, Béal an Átha**
  - Coirí a athsholáthar tríd an Scéim Oibreacha Éigeandála
- **Coláiste Pobail, Acaill**
  - Iarratas ar athchóiriú an tSeomra Eacnamaíocht Bhaile agus rinneadh díon don ROS.
- **Coláiste Chomáin, Ros Dumhach**
  - Forbraíodh páirc Astroturf.
  - Binse síochána, a thug deirfiúr cónaitheora mar thabhartas.
- **Coláiste Naomh Breandán, Béal an Mhuirthead**
  - Athchóiriú na leithreas - Ceapadh sainchomhairleoir agus lorgaíodh luachana ó chonraitheoirí ábhartha.
- **Coláiste Phádraig, Crois na Leacan, Béal an Mhuirthead**
  - Athchóiriú na leithreas - Ceapadh sainchomhairleoir agus lorgaíodh luachana ó chonraitheoirí ábhartha.
- **Ionad Breisoideachais, Béal Átha hAmhnais**
  - Foirgneamh a saintógadh a fháil ar léas chun breisoideachas a sholáthar. Comhthaoíodh ar théarmaí an léasa.
- **Ionad na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tIonad Breisoideachais, Béal an Mhuirthead**
  - Rinneadh léas áitribh a athnuachan agus rinneadh spás breise urláir a chorprú.

### Tionscadail tógála Shligigh

- **Fo-Oifig BOOMESL, Sráid na Cé**
  - Rinneadh deisiúcháin ar an díon réidh agus rinneadh oibreacha ar an díon claonta agus ar na sleánna binne ar chúl an fhoirgnimh.

- **Coláiste Iascaigh**
  - Scéim na nOibreacha Éigeandála - Tugadh obair chun críche ar Athsholáthar na nDoirse faoi Oibreacha Cóiríochta Rochtana.
  - Iarratas ar Oibreacha Éigeandála - Athsholáthar an phíobaithe luaidhe a uasghrádú sa phríomhlíonra uisce ag an scoil.
  - Tá plean foriomlán cóiríochta le hullmhú lena sheoladh chuig an ROS.
- **Iar-Bhunscoil Chúil Dheá**
  - Cuireadh oibreacha chun cinn go mór ar thionscadal tógála Chéim II, agus tá sé ar sceideal lena thabhairt chun críche i bhFeabhra 2015.
- **Iar-Bhunscoil na Gráinsí**
  - Oibreacha cothabhála ar an seomra foirne tugtha chun críche.
  - Iarratas ar Oibreacha Éigeandála curtha faoi bhráid an ROS ar oibreacha dín.
  - Forbairt amach anseo na scoile agus an tsuímh ar bun.
- **Coláiste an Chorrainn, Baile an Mhóta**
  - Athchóiriú na leithreas - oibreachas nach mór críochnaithe.

## Tionscadail tógála Liatroma

- **Fo-Oifig BOOMESL, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma**
  - Cuireadh tús leis an obair thógála ar athchóiriú an fhoirgnimh.
- **Gairmscoil Charraig Álainn**
  - Tugadh an síneadh agus oibreacha dín chun críche.
  - Tá tairiscintí le haghaidh troscán agus trealamh scaoilte ar bun.
  - Rinneadh iarratas ar an ROS chun halla spóirt a sholáthar agus foirgnimh réamhdhéanta a athsholáthar.
- **Páirc Pheile Choláiste Pobail Mhaothla**
  - Tugadh an obair chun críche ar an bpáirc agus chuathas i dteagmháil leis an ROS i dtaobh cistiú chun an pháirc a fhálú.
- **Gairmscoil Dhroim Seanbhó**
  - Aonad an Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (NSU) - dhá sheomra ranga agus Seomra Ceoil amháin breise. Tá an chóiríocht bhreise seo le bheith suite ar an gcéad urlár in Aonad an NSU. Tá an obair ar bun faoi láthair.
  - Seomra Miotalóireachta - Oibreacha críochnaithe.
- **Coláiste Loch Aillion**
  - Síneadh Chéim I - Oibreacha críochnaithe.
  - Síneadh Céim II - Tairiscintí ar bun.
  - Scéim Oibreacha an tSamhraidh - Oibreacha dín ar bun.
- **Gairmscoil Charraig Álainn**
  - Scéim Oibreacha an tSamhraidh - Cistiú faofa don uasghrádú ar an gcóras téimh.

## Foirgnimh BOOMESL nach bhfuil áitithe

Tá BOOMESL ar an eolas ar shaincheisteanna féideartha maidir le roinnt foirgneamh faoina úinéireacht nach bhfuil á n-úsáid a thuilleadh, mar shampla, sean-Gairmscoileanna i nGoirtín, Contae Shligigh agus Maohail, Contae Liatroma. Tugadh an tsaincheist seo chun solais ag cruinnithe Boird i rith na tréimhse tuairiscithe, áit ar tuairiscíodh nach bhfuil aon bhuiséid chaipitil ann faoi láthair chun saoráidí a fhorbairt sna foirgnimh sin. Ceist leanúnach í seo ar a ndéanfar plé breise leis an ROS.

## Obair don Ógra

### Feidhm Reachtúil Oibre don Ógra BOOMESL

Tá cumas oibre don ógra BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ). Baineann feidhm an BOO ina leith seo leis an méid seo a leanas:

Tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú ar sheirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme agus an fhaisnéis sin a sholáthar a d'fhéadfadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir leis an tacaíocht sin.

*(An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, Alt 10(1)(j)).*

Is é an sainmhíniú a thugtar ar obair don ógra:

Clár pleanáilte oideachais atá deartha ar mhaithe le cabhrú le agus feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga trína rannpháirtíocht dheonach –

(a) atá comhlántach lena n-oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, acadúil, nó gairmoideachais;

agus

(b) a chuireann eagraíochtaí deonacha oibre don ógra, go príomha, ar fáil.

*(An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001, Alt 3).*

Sa tréimhse thuairiscithe, rinneadh soláthar do chostais tuarastail maidir le beirt Oifigigh Óige a fhostú, oifigeach amháin a chumhdaíonn Maigh Eo agus oifigeach eile a chumhdaíonn Sligeach / Liatroim. Áiríodh an méid seo a leanas leis na príomhlimistéir oibre a chuir an rannóg oibre don ógra i bhfeidhm:

### Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Oibre don Ógra (CCNC)

Is é cuspóir CCNC chun cabhrú le heagraíochtaí oibre don ógra atá cistithe ag an RLGÓ chun láidreachtaí agus limistéir a shainaithint atá le forbairt ina seirbhísí agus chun dul chun cinn a thagarmharcáil dá réir. Glacann seirbhísí cur chuige struchtúrach agus forbartha i leith measúnú a dhéanamh ar sholáthar oibre don ógra, scrúdú a dhéanamh ar a leibhéal, tionchar agus éifeachtúlacht. Is é ról an BOO chun an próiseas seo a éascú agus a mhaoirsiú.

### Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibríthe Deonacha

Rinneadh na caighdeáin a fhorbairt i gcomhairle le comhpháirtithe san earnáil oibre don ógra, tá na caighdeáin cháilíochta seo dírithe ar ghrúpaí agus clubanna áitiúla óige. Cruthaíonn siad deis do ghrúpaí óige lena thaispeáint a dtiomantas do dhea-chleachtas agus do chlár agus gníomhaíochtaí ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ionchais a gcomhaltaí óga. Tá ar na grúpaí óige go léir a chistítear tríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla chun tabhairt faoin bpróiseas caighdeán.

## Cistiú a Riar do Sheirbhísí don Ógra

Chistigh BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma na seirbhísí agus tionscadail seo a leanas:

Tionscadal	Sruth cistithe	Oibreoir tionscadail
Tionscadal um Oideachas um Chosc ar Dhrugaí agus Alcól d'Ógánaigh (dhá thionscadal)	<i>An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil / an Roinn Sláinte</i>	<i>Foróige</i>
Oiliúint agus Bainistíocht Eagrúcháin an Tascfhórsa Réigiúnaigh Drugaí agus Alcóil (dhá thionscadal)	<i>An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil / an Roinn Sláinte</i>	<i>An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil / an Roinn Sláinte Teoranta</i>
Club Obair Bhaile	<i>An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil / an Roinn Sláinte</i>	<i>Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil Shligigh CLG</i>
Tionscadal Óige Pobail Mhaothla	<i>Tionscadail Speisialta do Dhaoine Óige faoi Mhíbhuntáiste, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</i>	<i>Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma CLG</i>
Comhairle na nÓg	<i>An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Comhairle Contae Shligigh</i>	<i>Foróige</i>
Forbairt Clár don Lucht Siúil Óg	<i>Cuntais Dhíomhaoin</i>	<i>Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil Shligigh CLG</i>
An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla	<i>An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.</i>	<i>Grúpaí óige atá faoi stiúir agus á n-oibriú ag oibrithe deonacha i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroma</i>

## Príomhlimistéir Oibre Eile

- Tionscnaimh mheabhairshláinte óige a fhorbairt ar fud an réigiúin chun meabhairshláinte agus folláine daoine óga a chothú.
- Imeascadh agus comhordú seirbhísí oibre don ógra a chur chun cinn le seirbhísí eile trí rannpháirtíocht i gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, an Clár Críochnaithe Scolaíochta, Meitheal agus líonraí ábhartha eile.
- Tuairisciú leis an RLGÓ agus ranna rialtais eile ar thionscadail agus seirbhísí atá cistithe ag an BOO, bailíochtú tuarascálacha bliantúla agus iarratais ar chistiú ina measc.
- Rannchuidiú le freagairtí iad a chomhordú ar chohóirt ar leith daoine óga, an Lucht Siúil óg, LGBT agus daoine óga faoi mhíchumas ina.
- Rannchuidiú ar leibhéal náisiúnta trí oibriú go díreach leis an RLGÓ agus BOOÉ.



## An Clár Críochnaithe Scolaíochta

Bunaíodh an Clár Críochnaithe Scolaíochta (an CCS) mar chuid de straitéis DEIS de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna). Bunaíodh an tseirbhís seo i Maigh Eo in 2007 agus tá sé ar fáil do bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal DEIS i dtuaisceart agus deisceart Mhaigh Eo. In 2011, rinneadh an Clár Críochnaithe Scolaíochta a chomhtháthú isteach sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (an BNLO) agus tá sé anois laistigh de Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Tá de chuspóir an Chláir Chríochnaithe Scolaíochta an líon daoine óga a mhéadú atá ag fanacht i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal trí fheabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coimeád scoláirí a d'fhéadfadh bheith i mbaol an scoil an fhágáil go luath. Díríonn an CCS ar spriocdhírú ar thacaíochtaí agus idirghabháil agus iad a sholáthar chun cabhrú leis na scoláirí seo chun a n-oideachas foirmiúil a chur i gcrích go rathúil. Áirítear leis an idirghabháil clubanna bricfeasta, clubanna obair bhaile, tacaíochtaí iarscoile, tacaíocht aonair do scoláirí, tacaíochtaí teiripeacha ar nós comhairleoireachta agus teiripe ealaíne, teagasc breise, cláir mheantóireachta, cláir aistrithe agusampaí samhraidh. Déanann an CCS tacaíochtaí a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na scoláirí, ach go háirithe iad siúd atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

Tá seacht scoil dara leibhéal bainteach sa chlár i Maigh Eo:

- Coláiste Davitt, Caisleán an Bharraigh
- Scoil Mhuire agus Phádraig, Béal Átha na Muice
- Coláiste Pobail Acla, Acaill
- Coláiste na Maighne, Béal an Átha
- Coláiste Naomh Tiarnán, Crois Mhaoilíona
- Coláiste Naomh Breandán, Béal an Mhuirthead
- Ghaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach

Tá trí bhunscoil ann sa chlár, chomh maith:

- Scoil Íosa, Béal an Átha
- Scoil Phádraig, Béal an Átha
- Gaelscoil na gCeithre Maol, Béal an Átha

Oibríonn BOOMESL Cláir Chríochnaithe Scolaíochta Thuaisceart agus Dheisceart Mhaigh Eo agus déanann Coistí Bainistíochta Áitiúla iad a bhainistiú, le hionadaithe ó scoileanna, seirbhísí don ógra agus gníomhaireachtaí eile sna ceantair.

## Glúin an Cheoil

Cuireann Glúin an Cheoil réimse de thionscadail oideachas ceoil ar fáil do leanaí agus daoine óga mar chuid de chlár náisiúnta Glúin an Cheoil a thosaigh Líonra an Cheoil, atá comhchistithe ag U2, Cisté na hÉireann, an ROS agus Comhpháirtíochtaí áitiúla Oideachas Ceoil.

Creideann Glúin an Cheoil i gcumas ceoil gach linbh agus duine óig. Is é fíis Glúin an Cheoil rochtain chuimsitheach ar oideachas ardchaighdeáin ceoil do leanaí agus daoine óga, a sholáthraíonn ceoltóirí oilte gairmiúla a idirghníomhaíonn ar bhealach spreagthach le leanaí agus daoine óga ina bpobail.

## Glúin an Cheoil, Maigh Eo

Seirbhís oideachas ceoil is ea Glúin an Cheoil Mhaigh Eo do leanaí agus daoine óga aois 0-18 mbliana i gContae Mhaigh Eo. Go háitiúil, déanann Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil (COC) Mhaigh Eo, lena n-áirítear BOOMESL, Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Lónra Rannpháirtíochta Mhaigh Eo agus Ionad Oideachais Mhaigh Eo Glúin an Cheoil, Maigh Eo a bhainistiú.

Tá an clár á réachtáil ag Comhordaitheoir agus Riarthóir Tionscadail. Tá Painéal Teagascóirí Ceoil ann, chomh maith, ina bhfuil breis agus 40 ceoltóir atá fostaithe ar shnáitheanna éagsúla cláir. Chun teacht ar bhreis faisnéise agus cláir atá cothrom le dáta, féach [www.musicgenerationmayo.ie](http://www.musicgenerationmayo.ie).

### Gníomhaíocht 2013-2014

Rinne breis agus 2,000 leanbh agus duine óg idirchaidreamh le clár Ghlúin an Cheoil, Maigh Eo in 2014 i réimse cláir éagsúla ghearra agus ní b'fhadtéarmaí.

Cuireadh teagasc ceoil iarscoile ar fáil ag ár nIonaid Réigiúnacha Teagasc i gceithre láthair ar fud na tíre, Cluain Cearbán, Ros Dumhach, Crois Mhaoilíona agus Baile an Róba ina measc. Cuireadh ceachtanna inacmhainne ar fáil sna háiteanna seo ar réimse gléasanna ceoil, an pianó, an veidhlín, an fheadóg mhór, an giotár, cnagadh, saccsafón agus glór do dhaoine óga idir 5 agus 18 mbliana d'aois.

Freastalaíodh ar leanaí an-óga trí Chlár Ceoil Luathbhlianta Soundworlds, a cuireadh ar fáil i seirbhísí Chúram agus Oideachas na Luath-Óige i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Contae Mhaigh Eo. Thit 25 seirbhís phríobháideach agus phobail amach sa chlár ar fud Mhaigh Eo, a sholáthair foireann an-oilte de cheoltóirí.

Baineadh triail phiólótach as snáithe nua cláir, BEAM, in Eanáir 2014 agus leanadh leis i gcaitheamh na bliana chun freastal go sonrath ar dhaoine óga faoi mhíchumas agus a cheadú dóibh teacht a bheith acu ar ghníomhaíochtaí seinnte ceoil trí theicneolaíocht cúnta ceoil. Cuireadh oiliúint FGL ar cheoltóirí áitiúla chun barr feabhais a chur ar sholáthar na samhla seo agus leanann fás agus forbairt ag teacht air.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Ceoltóirí Cónaithe le Banna Mór Kaleidoscope, inar chum agus inar sheinn grúpa éagsúil ceoltóirí óga ó Mhaigh Eo ceol nua bunúil faoi threoir agus meantóireacht an chumadóra Dennis Wyers agus Rhombus Quintet. Lean an Banna Mór Kaleidoscope ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gceolchoirm chomórtais sa Cheoláras Náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2014.

Chuir Glúin an Cheoil, Maigh Eo lena mBanc Gléasanna Contae in 2014 lena chinntiú gur féidir le gach leanbh sa chontae teacht ar réimse fairsing de ghléasanna ar féidir iad a fháil ar cíós ar tháille ainmniúil trína seirbhís leabharlainne áitiúla. Tá trí bhanc dhiscreideacha lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Béal an Mhuirthead ina n-eisítear iasachtaí gléis do thréimhsí sé mhí. Cuireann Acmhainn na Leabharlainne Ceoil leis an mBanc gléasanna, ina bhfuil réimse de leabhair, dlúthdhioscaí, DVDanna agus ceol bileoige.

Thit roinnt mhaith ceardlann agus máistir-ranganna amach i gcaitheamh na bliana in ionaid ealaíon, scoileanna agus ag roinnt féilte trí Scéim Deontais na bhFéilte, a spreagann imeachtaí ceoil do dhaoine óga a chláraigh.

Thit Campaí na Cásca agus Samhradh amach i rith 2014 ag Mol Cheol na nÓg i mBéal an Átha, lena n-áirítear spás cleachtaidh ina bhfuil an trealamh go léir agus ina bhfuil teacht ar limistéir chleachtaidh,

trealamh teicneolaíochta ceoil, ceardlanna agus seinm do dhéagóirí a sheinneann leo féin nó i mbannaí.

Mar chuid den Scéim Sparánachta do Shár-Scoláirí Ceoil 2014, bronnadh sparánachtaí ar 12 scoláire i dtreo gléas gairmiúil a cheannach nó i dtreo teacht ar theagasc aitheanta ó shaineolaí. Sheinn gach faighteoir ag searmanas dámhachtana i Nollaig 2014.

In 2014, thosaigh Glúin an Cheoil, Maigh Eo le taighde a dhéanamh ar shamhlacha ar líne de theagasc ceoil, chomh maith, chun dul i ngleic le bearnaí sa soláthar i gceantair níos iargúlta den chontae agus chun teacht ar ardleibhéal de shaineolas d'ardscoláirí. Thit taispeántais agus cuairteanna ar shuíomhanna amach chun inmharthanacht agus oiriúnacht na samhla seo lena húsáid amach anseo a fhiosrú.

Lean Glúin an Cheoil, Maigh Eo le rochtain a chur ar fáil ar dheiseanna FGL ardchaighdeán de theagascóirí ceoil le huasoiliúint agus feasacht ar shamhlacha nua de sholáthar agus forbairtí cothrom le dáta ar Oideachas Ceoil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a chinntiú. Leanfaidh an clár amach anseo ag díriú go príomha air seo.

## Glúin an Cheoil, Sligeach

Déanann BOOMESL, Comhairle Contae Shligigh, Ionad Oideachais Shligigh, Coiste Cúram Leanaí Contae Shligigh, Athghiniúint an Chrainn Mhóir agus an earnáil ceoil áitiúil Glúin Glúin an Cheoil, Sligeach a bhainistiú agus a chistiú. Cuireann Glúin an Cheoil, Sligeach réimse spreagúil de thionscadail fhadtéarmacha ceoil ar fáil do leanaí agus daoine óga sa chontae. Ó 2011, d'fhorbair Glúin an Cheoil, Sligeach samhail chun dul i ngleic le teagasc agus seinm/taibhiú gléis agus gutha i measc leanaí agus daoine óga ina bpobail féin.

- Cuirtear Glúin an Cheoil, Sligeach ar fáil faoi láthair do 2,000 leanbh agus duine óg gach bliain trí réimse spreagúil de chlár, an méid seo a leanas ina measc:
- Clár rochtana An Ceol a Fhiosrú agus a Sheinm sna luathbhlianta, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus suíomhanna óige
- Teagasc Gléis agus Gutha in Ionaid Réigiúnacha Teagaisc in Iascaigh, Goirtín, Baile an Mhóta, an Ghráinseach agus baile Shligigh
- Cláir Sheanma agus Chumadóireachta a chuireann deiseanna ar fáil do sheinm uailmhianach bheo
- Campaí Samhraidh agus Máistir-Ranganna; agus rochtain ar Bhainc Ghléasanna ar fud an chontae.

## Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Ghlúin an Cheoil, Sligeach

### Teagascóirí a Fostaíodh

An Ceol a Fhiosrú	11
Teagasc Gléis agus Gutha	14
Campaí Samhraidh	25

### An Ceol a Fhiosrú

Luathbhlianta Réamhscoile/Cúram Leanaí (4 seachtaine) riachtanais speisialta ina measc)	13 ionad (220, 16 leanbh ag a bhfuil
Luathbhlianta Bunscoil (10 seachtaine)	10 Rang Shóisearacha (260)

### An Ceol a Fhiosrú agus a Sheinm

(Giotár, veidhlín, fliúit Shasanach, méarchlár, dordveidhil, feadóg stáin, guth (clár 20 seachtain))

#### *Bliain acadúil 2013-2014:*

Bunscoileanna 15 rang in 10 scoil (300 leanbh)  
Iar-bhunscoileanna 7 rang in 3 scoil (140 scoláire na hIdirbhliana)

#### *Bliain acadúil 2014-2015:*

Bunscoileanna 22 rang i 17 scoil (540 leanbh)  
Iar-bhunscoileanna 4 rang in 2 scoil (45 scoláire na hIdirbhliana agus 10 scoláire 2ra bliain)

- Comhthaibhiú in Iarthar Shligigh ag Scoil Náisiúnta na hAbhann Bige, Aibreán 2014 (Scoileanna na hAbhann Bige, Chill Ghlas, an Stuacáin, Chill Rois Íochtair).
- Cuairteanna ag Ceoltóirí ar gach scoil mar chuid de Cheol Beo sa Seomra Ranga Márta / Aibreán 2014.
- Brian Irvine Caint le Cumadóirí do Mheánscoileanna agus cuireadh an Clár Faisnéise Scannáin 'Big Bang' curtha ar scáileán ina dhiaidh, The samhail, Márta 2014.

#### **Teagasc Gléis agus Gutha (Tosaitheoirí)**

Giotár, Méarchlár, Drumaí, Guth, Dordveidhil, Cruit, Trumpa, Trombone, Trombón, an Corn Francach in Iascaigh, Goirtín, Baile an Mhóta, an Ghráinseach, Foróige Bhaile Shligigh, Acadamh Ceoil Shligigh, ionad Avalon

Bliain acadúil 2013-2014 200 rannpháirtí  
Bliain acadúil 2014-2015 230 rannpháirtí

#### **Campaí Samhraidh**

Meitheamh/Iúil 2014 9 gcampa (242 rannpháirtí)

#### **Scéim Go See**

Ticéid ar leathphraghas do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois 648 ticéad

#### **Taibhithe**

Big Bang, an 3 agus 13 Deireadh Fómhair 2014 Lucht féachana in Amharclann Hawk's Well: 350 duine /

Fleadh Fusions, an 10 Lúnasa 2014 Lucht Féachana sa Cheoláras Náisiúnta 850 duine  
Malartú Ceoltóirí Óga, Márta 2014 Lucht Féachana in Amharclann Hawk's Well 350  
Ceoláras Coleman

Sligo Loves Live Music, an 21 Meitheamh 2014 An Cheathrú Iodálach, Lána an Tobair Ghil  
Oíche an Chultúir, an 19 Meán Fómhair 2014 The Bakeshop, Caifé Lyons

#### **Scéim Bainc Ghléasanna 50/50**

19 Scoil agus Eagraíocht 340 Gléas ar Luach Iomlán €49,200

## Ionaid Oiliúna BOOMESL

### Soláthar an Phlean Gnó

D'éirigh le BOOMESL an ghníomhaíocht oiliúna do BOOMESL a fhad le Nollaig 2014 a sholáthar. Bhí an tréimhse a fhad leis an 31 Nollaig 2014, a pleanáladh go déanach in 2013 agus bhí an Ghníomhaíocht Oiliúna faoi shainchúram dhíreach SOLAS.

Bhí toradh dearfach air seo, agus sháraigh an ghníomhaíocht oiliúna an sprioc 1.28% ar chríoch dó agus caitheadh 97% den bhuiséad. B'ionann seo agus 229,676 lá oiliúna ar chaiteachas €15.456 milliún, agus bhain 2,857 duine tairbhe ó oiliúint a cuireadh ar fáil trí thart ar 200 clár aonair oiliúna.

Tugtar achoimre sna fotheidil thíos ar sholáthar na hoiliúna de réir shaghas sholáthar na hoiliúna.

### Printíseacht

Cuireadh naoi gclár printíseachta ar bun i rith 2014 mar thoradh ar as na cláir as an láthair ag Céim 4 agus Céim 6 in Uirliseoireacht, Leictreachas agus Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, a chuirtear ar fáil trí Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach agus a riarann BOOMESL. De bhreis air sin, tugadh Uirliseoireacht Chéim 2 as an láthair chun críche in Ionad Oiliúna Shligigh i rith 2014.

Tá méadú ag teacht ar uimhreacha cláraithe don phrintíseacht Ceardaíochta Náisiúnta go náisiúnta le dhá bhliain anuas agus meastar go leanfaidh an treocht seo. Tugadh faoi athbhreithniú ar na cláir phrintíseachta agus tá leagan nua a trí de churaclam roinnt printíseachtaí le cur i bhfeidhm go déanach in 2015. Tá acmhainn bhonneagrach ann do phrintíseacht mhéadaithe laistigh de BOOMESL.

### Oiliúint in Ionad Shligigh agus Bhéal an Átha

Rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) gach clár oiliúna a soláthraíodh i rith 2014 a dheimhniú nó rinne an soláthraí nó tríú páirtí iad a dheimhniú. Thit oiliúint san ionad amach ar Scileanna Sonracha, Cúrsa Oiliúna, Printíseacht agus Oiliúint Tráthnóna. Chomh maith leis sin, cuireadh mórmhéid oiliúna ar fáil trí Oiliúint ar Conradh trí chuideachtaí soláthraithe oiliúna tríú páirtí, a cheadaigh solúbthacht an tsoláthair ar fáil i dtaobh láithreach agus idirghabháil oiliúna.

### Oiliúint Phobail

Cuireadh Oiliúint Phobail ar fáil de réir spriocanna pleanáilte ar thrí phríomhbhealach.

- Chuir Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna (TÁOanna) cláir ar fáil i sé láthair déag scaipthe amach óna chéile ar fud BOOMESL i réimse fairsing limistéir oiliúna, gairneoireacht, lónadóireacht, fáilteachas, scileanna infhostaitheachta agus TFC ina measc.
- Chuir an tIonad Oiliúna Pobail (IOP) i Sligeach réimse fairsing de chláir oiliúna ar fáil do bhreis agus aon chéad foghlaimeoir óg. Luathfhágóirí scoile go leor de na foghlaimeoirí seo agus i ndiaidh dóibh a gcúrsa a chur i gcrích, lean siad ar aghaidh le fostaíocht a bhaint amach dóibh féin nó chun tabhairt faoi chláir bhreiseideachais agus oiliúna.
- Ionaid Oiliúna BOOMESL – tá conradh ag Soláthraithe Sainoiliúna (SSOanna) i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim chun cúrsaí oiliúna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas a dteastaíonn tacaíocht níos déine uathu ná mar a bheadh ar fáil i dtimpeallacht oiliúna

neamhspeisialtóra. Áirítear le gnéithe na sainoiliúna speisialtóra seo; fad breise oiliúna; trealamh sainoiriúnaithe; socruithe iompair; ábhar barrfheabhsaithe cláir agus cóimheas méadaithe idir an oiliúnóirí agus foghlaimeoirí. Bhain 250 foghlaimeoir tairbhe ó na cláir seo i rith 2014.

### **Idirghníomhú le páirtithe leasmhara eile**

Idirghníomhaíonn BOOMESL le páirtithe leasmhara éagsúla lena sheirbhísí a sholáthar i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leo seo:

- Fostóirí
- Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁanna)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS)
- An tÚdarás Forbartha Tionscail (an ÚFT)
- Fiontraíocht Éireann.

### **Uasghráduithe agus cláir nua a sholáthar**

Rinneadh uasghráduithe ar threalamh TFC chun réimse fairsing oiliúna a sholáthar i rith 2014. De bhreis air sin, fuarthas trealamh Ríomhrialaithe Uimhriúil (CNC) chun na teicneolaíochtaí is déanaí a sholáthar sna tionscail Innealtóireachta Beacht agus Uirliseoireachta sa réigiún.

Tá triail phíolótach á baint ag Ionaid Oiliúna BOOMESL, i gcomhoibriú le SOLAS agus tionscal sa réigiún, as dhá Chlár Cúrsa Oiliúna Gairme nua, ceann amháin don tionscal fáilteachais agus ceann eile san innealtóireacht. Tá na céimeanna pleanála, comhairliúcháin tionscail agus dearaidh clár do na cláir píolótacha seo ar bun ó thráth déanach 2014 agus tá súil leis go ndéanfaidh na tionscadail dul chun cinn breise i dtreo soláthair in 2015.

## Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh Acla

D’oibrigh BOOMESL Ionad Oideachais agus Oiliúna Taobh Amuigh ag an gCaiseal, Oileán Acla, ó bhí 1971 ann. Ba é an chéad ionad dá shamhail ag an am agus forbraíodh aon ionad déag eile taobh amuigh timpeall na tíre agus forbraíodh an tionscal taobh amuigh ar fud na tíre dá bharr. Forbraítear san ionad cláir shaincheaptha, trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí eachtraíochta agus an timpeallacht taobh amuigh mar chatalaíoch i bhforbairt fhisiciúil, shóisialta agus intleachtúil rannpháirtithe.

Áirítear leis na rannpháirtithe scoileanna féin BOOMESL, anuas ar ionaid oideachais agus institiúidí bunskoile, meánscoile agus tríú leibhéal ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, freastalaíonn sé ar ghrúpaí óige agus an pobal i gcoitinne ó aois seacht mbliana ar aghaidh.

### Áirítear leis na cláir:

- Cláir Staidéir Allamuigh – tíreolaíocht, éiceolaíocht d’institiúidí dara agus tríú leibhéal
- Cláir ilghníomhaíochta taobh amuigh do bhunscoileanna, meánscoileanna agus don tríú leibhéal, e.g. curachóireacht, cadhcáil, tonnmharcaíocht, tonnmharcaíocht cholainne, gaothshurfáil, seoltóireacht, ailleadóireacht, rópadóireacht anuas, cnocadóireacht agus boghdóireacht
- Cúrsaí neartaithe na foirniúlachta
- Cúrsaí scileanna teastais faoi na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe
- Gaisce, Dámhachtain an Uachtaráin, Cré-Umha agus Airgead
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus na hIdirbhliana
- Cúrsaí Garchabhrach Tarrthála agus Cúram Éigeandála
- Campaí Samhraidh
- Cláir chultúrtha agus theanga
- Clár Cúrsa Oiliúna do Theagascóirí Gníomhaíochta Taobh Amuigh.



### Saoráidí:

Tá cóiríocht san ionad do 60 duine, ar a mhéid, i sciatháin ar leith d’fhir agus mná. Tá seomraí ar leith ann do cheannairí grúpa, maoirseoirí agus múinteoirí. Cuirtear lónadóireacht ar fáil ar chúrsaí cónaithe agus lae, más gá. I measc na saoráidí áineasa ar an láthair, tá balla dreaptha taobh istigh, réimse boghdóireachta, cúirteanna cispheile taobh amuigh, limistéir féir agus cruinneachán mór do spórt agus dúshláin taobh istigh.

## Breisoideachais

### Léargas Ginearálta

Is é BOOMESL an BOO tíreolaíoch is mó sa tír agus, mar thoradh air sin, cuirtear breisoideachas ar fáil ó roinnt láithreacha, idir bailte móra contae agus láithreacha beaga tuaithe. Cuireann BOOMESL an réimse iomlán de chláir bhreisoideachais ar fáil a chistíonn an ROS, trí SOLAS agus foinsí eile cistithe, ar nós Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

Ar fud na dtrí chontae, d'fhreastail 6,911 foghlaimeoir ar chláir bhreisoideachais. B'fhoghlaimseoirí páirtaimseartha é tromlach iad seo, 6,493, a d'fhreastail ar réimse cúrsaí a reáchtáladh faoin Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an TFAO), an tSeirbhís Oideachais Pobail, an tSeirbhís Oideachais Ealaíne nó an tSeirbhís uaireanta Comhoibríthe.

Is féidir le tromlach na gcúrsaí a reáchtáiltear fúthu seo creidiúnú a chur ar fáil nó is féidir le creidiúnú eascairt astu, go príomha tríd an gcóras FETAC / DCCÉ. Bhí 418 áit bhreise foghlaimeora lánaimseartha ann sa Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) agus in ionaid Ógtheagmhála trí BOOMESL.

Rinne comhordaitheoir laistigh den tseirbhís bhreisoideachais athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach ar chúrsaí a bhí á dtairiscint agus é mar chuspóir a chinntiú go bhfuil na cúrsaí seo ag feabhsú agus ag freastal go leanúnach ar riachtanais an fhoghlaimeora, an phobail agus na sochaí. I rith na tréimhse tuairiscithe, bhí béim láidir ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora i dtreo cúrsaí eile breisoideachais nó ardoideachais, nó a fhad le fostaíocht. I mbreisoideachas, áfach, tá éiteas láidir ann, chomh maith, maidir leis na tairbhí níos fairsinge a bhaineann le foghlaim, ar nós sláinte, folláine agus dul chun cinn daoine aonair agus na bpobal agus na sochaí a bhfuil siad mar chuid díobh.

I seirbhís bhreisoideachais BOOMESL, ba thréimhse eile an-dúshlánach 2013-2014 mar gheall ar struchtúir agus córais a d'athraigh ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Chruthaigh athrú leanúnach, sa mhullach ar ghanntanais soláthair foirne mar gheall ar an moratóir ar earcaíocht, dúshlán ghéara, agus bhí ganntanais i bpríomhlimistéir, mar shampla:

- Ní dhearnadh triúr Oifigigh Oideachais d'Aosaigh a athsholáthar
- Ní dhearnadh Oifigigh Oideachas Ealaíne a athsholáthar agus
- Ní dhearnadh Éascaitheoir Oideachas Pobail amháin a athsholáthar.

### An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Chuir an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an TFAO) faoi BOOMESL cláir pháirtaimseartha bhreisoideachais ar fáil do dhaoine fásta (os cionn 16 bliana d'aois). Is é an cuspóir chun an deis a thabhairt do dhaoine tabhairt faoi fhilleadh ar an bhfoghlaim agus gealltanais eile (e.g. an teaghlach, obair agus freagrachtaí eile). Tá cláir á dtairiscint ar bhonn páirtaimseartha agus beartaítear iad i gcomhairle le foghlaimeoirí, fostóirí, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí eile. Cuireann sé rogha sholúbtha ar fáil lena ligean do dhaoine filleadh ar an oideachas. Áirítear leis an spriocgrúpa a dtugtar tús áite dó luathfhágóirí scoile agus daoine atá dífhostaithe agus a dteastaíonn uathu tabhairt faoi athoiliúint.

Is féidir an méid seo a leanas a áireamh leis na cúrsaí a chuirtear ar fáil:

- Ábhair ar Leibhéal an Teastais Shóisearaigh nó na hArdteistiméireachta
- Miondámhachtainí agus Mórdámhachtainí FETAC / DCCÉ ar Leibhéal 3 agus 4
- Dul ar aghaidh chuig Miondámhachtainí agus Mórdámhachtainí FETAC / DCCÉ ar Leibhéal 5 agus 6.



Tá cúrsaí TFAO saor in aisce do dhaoine a bhfuil fócaíocht Leasa Shóisialaigh incháilithe á fáil acu agus d'iaratasóirí a nach bhfuil cáilíocht Ardteistiméireachta nó a comhionann bainte amach acu. Tá táillí iníoctha faoi chúinsí áirithe eile.

Is iad cuspóirí foriomlána an TFAO chun rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta a mhéadú nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach curtha orthu i réimse deiseanna foghlama solúbtha. Tugann an TFAO tús áite do dhíriú ar dhaoine aonair agus grúpaí a mbíonn bacainní ar leith agus géara rompu páirt a ghlacadh san oideachas agus ar deacra iad a spreagadh páirt a ghlacadh sa phróiseas foghlama foirmiúla.

## An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh

Roimhe seo, measadh gurbh ionann litearthacht aosach agus an cumas chun léamh agus scríobh. Inniu, tá athrú tagtha ar bhrí na litearthachta chun na hathruithe a chur san áireamh a tháinig ar an tsochaí agus na scileanna a theastaíonn ó dhaoine aonair chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus bheith rannpháirteach sa phobal.

Is é an sainmhíniú a thugann an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh ar litearthacht aosach in Éirinn:

“Urlabhra, léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearthacht agus teicneolaíocht laethúil don chumarsáid (TFC). Baineann toisí pearsanta, sóisialta agus geilleagracha le litearthacht.”<sup>2</sup>

In BOOMESL, tá go leor daoine (1,831 in 2014) ag filleadh le foghlaim agus feabhas a chur ar a léitheoireacht, scríbhneoireacht agus matamaitic. Daoine atá iontu ar mian leo an méid nár fhoghlaim siad ar scoil a fhoghlaim, tuismitheoirí ar mian leo cabhrú lena leanbh le hobair bhaile, iad siúd nach mian leo ach litir nó ríomhphost a scríobh agus Skype a úsáid chun dul i dteagmháil leo siúd sa bhaile agus thar lear agus iad siúd ar mian leo cáilíochtaí a bhaint amach chun post a fháil nó coimeád cothrom le dáta le scileanna nua a theastaíonn ag an obair. Pé cúis a bhíonn le filleadh ar an bhfoghlaim, is mar an gcéanna i gcónaí na tairbhí. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn daoine a seanscileanna, forbraíonn siad an mhuinín chun cinn nua a fhoghlaim.

Is an-éagsúil foghlaim aosach a oiliúint. Is éard a bhaineann le foghlaim aosach ná dul i ngleic le riachtanais an fhoghlaimora, oibriú ar luas atá oiriúnach agus raon foghlama a leagan amach a oireann an saol agus ábhair spéise eile. Is tábhachtach a thuiscint nach mbíonn sé riamh ró-dhéanach chun filleadh ar an bhfoghlaim.

Go hoibríochtúil laistigh de BOOMESL, déantar miondealú breise ar Litearthacht Aosach isteach sna cláir seo a leanas:

### Litearthacht Ghinearálta

Tá cláir litearthachta d'aosaigh dírithe go príomha ar na torthaí foghlama ar leibhéal 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Is é an spriocghrúpa a dtugtar tús áite dó i dtaobh cláir litearthachta na daoine fásta siúd ar cuireadh bunoidéachas, ar a airde, orthu agus nach mbaineann a scileanna litearthachta agus uimhearthachta leibhéal 3 ar an CNC amach. Cuirtear ranganna litearthachta ar fáil trí theagasc duine ar dhuine agus/nó i ngrúpaí beaga. I ndiaidh measúnú tosaigh a dhéanamh bunaithe

---

<sup>2</sup> An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh: *Integrating Literacy: Guidelines for further education and training centres, Revised edition 2013*

ar léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic agus litriú, cuirtear foghlaimeoirí i leibhéal 1-3 DCCÉ. Cuirtear pleananna foghlama aonair i dtoll a chéile i gcomhairle leis an bhfoghlaimeoir. Sanntar teagascóir cáilithe don fhoghlaimeoir/ ghrúpa.

Cuirtear TFC ar fáil dóibh siúd a thugtar chun solais sna spriocghrúpaí. Díríonn sé ar scileanna bunúsacha méarchláir, dul chun cinn go dtí leibhéal 3 DCCÉ in inniúlacht ar ríomhairí, scarbhileoga agus próiseáil focal. Is gnách go gcuirtear litearthacht in TFC ar tairiscint mar chuid de sholáthar scileanna bunúsacha níos fairsinge, ach is féidir é a chur ar tairiscint leis féin.

Is féidir cláir foghlama mheasctha a chur ar tairiscint, chomh maith. Cláir ar líne iad seo lena dtacaíonn teagascóir. Tugtar i gcláir an rogha d'fhoghlaimeoirí chun oibriú ar a luas féin sa bhaile, agus bíonn de rogha acu, chomh maith, freastal ar rang chun tacaíocht a fháil.

### **Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach (ITABE)**

Cuireann an clár seo teagasc sé huairte an chloig ar tairiscint i gcaitheamh ceithre seachtaine déag. Úsáidtear uirlis shonrach *réamh-mheasúnaithe* agus *iar-mheasúnaithe* chun leibhéal litearthachta agus uimhearthachta i measc foghlaimeoirí a bhailiú sula dtugtar faoi chlár ITABE agus ar chríochnú Tá an clár seo d'fhoghlaimeoirí ar leibhéal 1-3 den CNC agus iad siúd nach bhfuil aon cháilíochtaí foirmiúla acu.

### **Litearthacht Teaghlaigh**

Cláir luath-idirghabhála iad cláir litearthachta teaghlaigh a fheabhsaíonn litearthacht linbh agus a fheabhsaíonn scileanna tacaíochta tuismitheora, chomh maith. Tá de chuspóir cláir litearthachta teaghlaigh:

- Feabhas a chur ar scileanna litearthachta, teanga agus uimhearthachta tuismitheoirí
- Feabhas a chur ar chumas tuismitheoirí chun cabhrú le leanaí foghlaim
- Feabhas a chur ar scileanna forbartha leanaí óga agus a litearthacht, teanga agus uimhearthacht a bhaint amach.

Ní cláir thuistithe iad cláir litearthachta teaghlaigh ach tugann siad an mhuintir do thuismitheoirí a aithint gurb iad chéad oideachasóirí a leanaí agus go bhfuil a leanaí á múineadh acu cheana féin. Bíonn cláir dírithe ar an aoisghrúpa 0-6 bliana agus ar obair i gcur chuige trí ghné le tuismitheoirí, leanaí agus scoileanna.

### **Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)**

Cuirtear san áireamh i soláthar BCTE riachtanais foghlama an phobail i gcoitinne agus cuirtear é ar tairiscint do spriocghrúpaí ar nós iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe agus oibríthe imirceacha dífhostaithe. Sanntar áiteanna d'fhoghlaimeoirí bunaithe ar chlárú agus measúnú.

Cuirtear ranganna Béarla ar tairiscint ar leibhéal éagsúla litearthachta, mar shampla, nuair go bhféadfadh nach fios do dhuine éigin an aibítir iartharach, a fhad le Leibhéal 5 DCCÉ, a meastar gurb é an leibhéal iontrála cuí chun an lucht saothair a iontráil faoi rath.

## Oideachas Pobail

In Éirinn, titeann Oideachas Pobail amach lasmuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil, agus é mar chuspóir barr feabhais a chur ar fhoghlaim, cumasú a chothú agus cur leis an tsochaí chathartha. Tá sé lonnaithe i bpobail agus is féidir é a bheith ceantarbhunaithe nó saincheistbhunaithe, nó bunaithe timpeall ar luach éigin eile.

Is féidir le hOideachas Pobail saol aonair a athrú ó bhonn agus cuireann sé le comhtháthú sóisialta. Cuireann sé ar chumas na sochaí sibhialta príomhról a ghlacadh san oideachas agus glacann grúpaí áitiúla freagracht as agus ról i gcúrsaí a eagrú, cinneadh a dhéanamh ar ábhar cláir agus teagasc a sholáthar. Cruthaíonn sé deiseanna d'fhoghlaim idirghlúine agus cruthaíonn sé féinmhuinín agus féinmheas dóibh siúd a bhfuil scileanna ísle acu nó a raibh eispéireas diúltach acu ar oideachas foirmiúil. Is féidir le hOideachas Pobail céim chun cinn a chur ar fáil a fhad le breisfhoghlaim, cáilíochtaí agus obair thairbhreach. Ina theannta sin, leag an Coimisiún Eorpach an bhéim ar phríomhról na sochaí sibhialta i bhfoghlaim aosach a chur chun cinn, go háirithe i dtaobh foghlaim neamhfhoirmiúil a shaothrú, anuas ar an ngá atá le tús áite a thabhairt do phobail foghlama agus líonraí sóisialta.

Laistigh de BOOMESL, eagraítear Oideachas Pobail timpeall ar na bearta seo a leanas:

- Riachtanais oideachais a shainaithint trí phróiseas grúpiarratais nó obair forbartha Éascaitheoir Oideachas Pobail.
- Breithmheas a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht Oideachas Pobail.
- Cistiú a leithdháiltear ar ghrúpaí i bhfoirm uaireanta teagaisc dhírigh (Sligeach agus Liatroim) nó deontais a leithdháileadh ar ghrúpaí (Maigh Eo) ar chúrsaí lena gcomhaontaítear.

Tá ar ghrúpaí faisnéis agus sonrach ar leith a thabhairt ar ais nuair a chríochnaíonn siad cúrsaí, meastóireachtaí ina measc. Níor cheart go mbeadh aon chostas ar chúrsaí Oideachas Pobail nó ba cheart nach mbeadh ar rannpháirtithe ach costas an-bheag a íoc orthu.

## An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (an SDOG)

Díríonn an SDOG ar rannpháirtithe os cionn 21 bliain d'aois, atá dífhostaithe agus a raibh íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe á bhfáil acu ar feadh 6 mhí, ar a laghad. Díríonn sé ar dhaoine atá dífhostaithe agus/nó luathfhágóirí scoile, ach go háirithe. Cuirtear réimse cúrsaí ar fáil i scéim an SDOG chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna daoine dífhostaithe.

Tugann sé deiseanna do rannpháirtithe chun feabhas a chur ar a leibhéal ginearálta oideachais, deimhniúchán a bhaint amach, a scileanna a fhorbairt agus ullmhú don fhostaíocht, féinfhostaíocht agus breisoideachas agus oiliúint. Is gnách go reáchtáiltear cláir an SDOG i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain agus oibrítear iad ar bhonn lánaimseartha ó Mheán Fómhair go dtí deireadh Mheithimh. Tá naoi n-ionad de chuid an SDOG ann laistigh de BOOMESL, faoi mar a shonraítear thíos.

Ionad	Líon na n-áiteanna do mhic léinn	Láthair
SDOG Acla	20	Acaill, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Átha	20	Bóthar na hArd-Eaglaise, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhaile an Róba	20	Bóthar na hÉille, Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Mhuirthead	20	Sráid an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo
SDOG Chaisleán an Bharraigh	40	Lána an Mhuilinn, an Príomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal Átha na Muice	20+10 <sup>3</sup>	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo
SDOG Shligigh	40	Foirgneamh BOOMESL, Sráid na Cé, Sligeach
SDOG Thobar an Choire	20	Coláiste Chonnacht Thuaidh, Tobar an Choire, Contae Shligigh
SDOG Dhroim Seanbhó	40+8 <sup>4</sup>	Droim Seanbhó, Contae Liatroma

I measc na gcúrsaí SDOG a reáchtáiltear laistigh de BOOMESL, tá:

- Riarachán Oifige agus TFC
- Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann (ATI agus IATI)
- Riarachán Gnó le Teangacha
- Léann Cultúir agus Oidhreachta
- An Ardteistiméireacht
- Cúram Sláinte
- Ealaín
- Turasóireacht agus Gnó
- ECDL (Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí)
- Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
- Altranas
- Teiripe Scéimhe
- Ceol
- Innealtóireacht Fuaime.

## Seirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais d'Aosaigh

Is é misean na seirbhíse seo a chur ar chumas daoine i gcaitheamh a saoil chun a roghanna féin oideachais, oiliúna, gairm bheatha, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú chun go mbaineann siad a lánchumas amach agus go gcuireann siad le sochaí níos fearr a fhorbairt.

### Róil Soláthair Foirne

#### ***Oifigeach Faisnéise***

Cuireann na hOifigigh Faisnéise i Liatroim agus an tOifigeach Riaracháin/Faisnéise i Sligeach seirbhís ghairmiúil faisnéise ar fáil don phobal i gcoitinne, déanann siad measúnuithe agus atreoruithe tosaigh chuig na gníomhaireachtaí cuí tacaíochta agus chuig na Comhairleoirí Treorach, tiomsaíonn agus

<sup>3</sup> Tá 10 n-áit atá scaipthe amach i Maigh Eo a bhainistítear agus a chuimsítear in SDOG Bhéal Átha na Muice.

<sup>4</sup> Tá 8 n-áit atá scaipthe amach i Liatroim a bhainistítear agus a chuimsítear in SDOG Dhroim Seanbhó.

coimeádann siad faisnéis faoi oideachas agus oiliúint, faisnéis faoin margadh saothair, forbraíonn siad bróisiúir, póstaí agus fógraí, coimeádann siad láithreán gréasáin agus asraonta meán sóisialta. Cuireann siad roinnt tacaíocht riaracháin ar fáil do na Treoirchomhairleoirí agus do sheirbhísí ar nós measúnú leantach agus aiseolas ó chliaint. Tá in Ionaid Faisnéise i gCora Droma Rúisc agus Sligeach leabharlann faisnéise, cláir fógraí, ríomhairí rochtana poiblí, saoráidí clódóireachta agus fótachóipeála.

### **Treoirchomhairleoir Oideachais d'Aosaigh**

Cuireann na Treoirchomhairleoirí Oideachais d'Aosaigh seisiúin treoirchomhairleoireachta ar fáil atá cliantláraithe, gairmiúil, neamhchlaonta agus faoi rún ar bhonn duine ar dhuine agus grúpa araon do gach spriocghrúpa agus duine aonair de réir na dtreoirlínte oibríochtúla.

Cuireann gach Treoirchomhairleoir Oideachais d'Aosaigh seirbhís for-rochtana phobalbhunaithe ar fáil agus tá ról comhordaithe seirbhíse aige/aici. Tá siad freagrach as soláthar na treorach go léir a chomhordú, abhcóideacht a dhéanamh do chliaint, comhoibriú le páirtithe leasmhara, eolas a chur ar fáil ar sholáthar agus tacaíochtaí cúrsaí agus bíonn baint acu i bpleanáil agus líonrú áitiúil. Tá siad freagrach as an tuairisciú go léir, faoi mar a theastaíonn ón Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) agus ón ROS.

### **Soláthar Foirne**

D'imir an moratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí tionchar ar leibhéil soláthair foirne i rith thréimhse an tuairiscithe. Chruthaigh seo dúshlán don tseirbhís agus d'imir sé tionchar diúltach go leor ar leibhéal agus fáil na seirbhíse sin a bhí á sholáthar.

Contae	Soláthar Foirne
Maigh Eo	Treoirchomhairleoir / Comhordaitheoir lánaimseartha amháin
Sligeach	Treoirchomhairleoir páirtaimseartha amháin Treoirchomhairleoir / Comhordaitheoir lánaimseartha amháin Oifigeach Riaracháin / Faisnéise lánaimseartha amháin
Liatroim	Treoirchomhairleoir / Comhordaitheoir lánaimseartha amháin Oifigeach Faisnéise lánaimseartha amháin

### **Gníomhaíochtaí**

#### **Grúpobair**

Cuireadh ceardlanna grúpthreorach ar fáil ar bhonn pleanáilte agus ad hoc araon do ghrúpaí SDOG, TFAO, Oideachas Bunata Aosach agus Oideachas Pobail. Saincheapadh ceardlanna i gcomhairle le teagascóirí agus/nó comhordaitheoirí cláir lena chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais daoine aonair sna grúpaí. Bhí an deis ag gach rannpháirtí, chomh maith, chun casadh leis an Treoirchomhairleoir chun plean conair ghairme a fhorbairt.

I measc na samplaí de thionscnaimh ghrúpa, tá:

- Filleadh ar an bhfoghlaim
- CV a ullmhú
- Tús eolais maidir le treoir
- Scileanna Staidéir
- Spriocanna a leagan amach
- Dátaí ar fiú iad a bhreacadh sna dialanna
- Cuardach féinstiúrtha
- Iarratas ar an Lár-Oifig Iontrála
- Treoir agus an gréasán
- Scileanna agallaimh
- Bréag-agallaimh
- Aoichainteoirí
- Triail mianaigh
- Roghanna chun dul chun cinn
- Léargas Ginearálta ar Bhreisoideachas agus Oiliúint
- Cistiú don oideachas
- Turais chuig laethanta oscailte
- Cuaireanna chuig Ionad Faisnéise / Oifig Threorach
- Scileanna treorach túslíne.

### ***Treoir agus Tacaíocht Faisnéise Aghaidh ar Aghaidh / Buail Isteach***

Bhí tacaíocht faisnéise ar fáil ar bhonn aghaidh ar aghaidh don phobal i gcoitinne i Sligeach agus Liatroim araon. Bhí an tseirbhís i Maigh Eo teoranta, áfach, ina leith seo mar gheall ar easpa Oifigeach Faisnéise. Bhí treoirchomhairleoireacht ar fáil do rannpháirtithe ar chúrsaí, anuas orthu siúd a dtagraítear dóibh sna treoirlínte oibríochtúla. Gné bhunriachtanach i dtaobh scileanna bainistíochta gairm bheatha a fhorbairt le cliaint is ea tacaíocht aonair.

## Scileanna don Obair

Clár náisiúnta is ea Scileanna don Obair (SDO) atá dírithe ar dheiseanna oiliúna a sholáthar chun cabhrú le fostaithe déileáil le héilimh bhunscileanna an ionaid oibre. Tá an tionscnamh cistithe ag Rialtas na hÉireann faoin ROS agus cuireann BOOanna fud fad na tíre é ar siúl. Tá an tionscadal á bhainistiú go náisiúnta ag BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Féadtar a áireamh le clár SDO roinnt ábhar, a thacaíonn le riachtanais oideachais an fhostaí. Cuirtear an clár ar tairiscint ar áitreabh cuideachta, sa chás gur féidir, in Ionad Oideachais d'Aosaigh áitiúil BOOMESL, nó i láthair áisiúil eile. Tá an clár deartha agus curtha ar fáil ar bhealach solúbtha agus inoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais an fhostóra agus fhostaí.

Maireann na cláir 35 uair an chloig agus is gnách go maireann seisiúin 2-3 huair an chloig agus is féidir iad a chur ar siúl ar maidin, san iarnóin nó um thráthnóna. Is féidir rannpháirtithe a scaoileadh ón obair chun páirt a ghlacadh i gcláir SDO. Cuirtear deimhniúchán saor in aisce a aithnítear go náisiúnta ar fáil i bhformhór na gclár SFW agus ní ghearrtar aon táillí teagaisc.

### Cuspóirí clár SDO:

- Éiteas foghlama ar feadh an tsaoil san ionad oibre a chur chun cinn
- Rannchuidiú i dtreo lucht saothair ar ar cuireadh oideachas maith agus atá ardoilte a chruthú
- Leibhéal inniúlachta fostaithe a bhfuil íseal-leibhéil cáilíochtaí oideachais acu a ardú
- Tionscnaimh a fhorbairt chun barr feabhais a chur ar scileanna cumarsáide agus bunscileanna TFC fostaithe
- A chur ar chumas fostaithe glacadh le hathruithe rialta agus leanúnacha a thagann ar chleachtais oibre.

### Cé a gcuirtear an clár SDO ar fáil dó/dí?

Fostóirí –

- San earnáil phríobháideach
- Atá toiliúil chun an Clár SDO a chur chun cinn
- Le fostaithe a dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcroíscileanna
- A dteastaíonn uathu uasoiliúint a chur ar a lucht saothair reatha
- Timpeallacht foghlama a chruthú dá bhfostaithe.

Fostaithe –

- Os cionn 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil ag freastal ar oideachas lánaimseartha dara leibhéal
- Atá i bhfostaíocht pháirtaimseartha nó lánaimseartha
- A bhfuil riachtanais scileanna oibre acu
- Nach bhfuil ach beagán cáilíochtaí oideachais nó cáilíochtaí acu atá imithe as dáta
- Atá toiliúil chun páirt a ghlacadh ar bhonn deonach
- Ar mian leo feabhsú
- A bhfuil tacaíocht a bhfostóra acu.

### Samplaí de chúrsaí:

- Scileanna Miondíola
- Bia agus Cothú
- Tús Eolais le bainistíocht feirme ar líne
- Cúrsa ullmhaithe FBSP (Feithicil Bheag Seirbhíse Poiblí) do thiománaithe tacsáí.

## Ógtheagmháil

Tá de chuspóir chlár Ógtheagmhála an dara deis a thabhairt do luathfhágóirí scoile, an deis chun oideachas, forbairt phearsanta, gairmoiliúint agus taithí oibre a ghnóthachtáil. Clár lánaimseartha ginearálta atá sa chlár, cé gur féidir cúrsaí páirtaimseartha a shocrú. Is féidir leis an bhfoghlaiméoir díriú ar chroílímistéar oiliúna dá rogha féin ach cuimsíonn gach foghlaiméoir ábhair bhunúsacha ar nós an Bhéarla, na matamaitice agus scoileanna saoil, chomh maith.

Cuimsítear litearthacht agus uimhearthacht i measc na n-ábhar go léir agus is cuid lárnach é de sholáthar oideachais i gclár Ógtheagmhála.

Is gnách go bhfreastalaíonn mic léinn Ógtheagmhála ar chúrsaí a mhaireann idir bliain amháin agus dhá bhliain, cé gur féidir leis a bheith solúbtha ag brath ar riachtanais aonair an fhoghlaiméora. Go ginearálta, bíonn ionaid Ógtheagmhála ar oscailt ar feadh 35 uair an chloig sa tseachtain (9am - 4.30pm, ó Luan go hAoine), ó Mheán Fómhair go lár mhí Iúil.

Tá ceithre ionad Ógtheagmhála ag BOOMESL, trí cinn i Maigh Eo (Béal an Átha, Baile an Róba agus Coillte Mach) agus ceann amháin i mbaile Shligigh. Is í Liatroim an t-aon chontae i bPoblacht na hÉireann nach bhfuil ionad Ógtheagmhála ann.





## Oideachas Ealaíon Shligigh-Liatroma

Oibríonn sé in oideachas BOOMESL Shligigh agus thacaigh clár Oideachas Ealaíon Shligigh-Liatroma leis na grúpaí seo a leanas i rith na tréimhse tuairiscithe:

<i>Eagraíocht/Grúpa</i>	<i>Tionscadal</i>
Cumann Yeats	Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats
Scoil Samhraidh Shligigh Theas, Tobar an Choire, Contae Shligigh	Seachtain de ranganna ceoil
Cór Soiscéalach Shligigh	Forbairt Cóir
Tionscadal Snagcheoil Shligigh	Scoil Samhraidh / Féile le ceardlanna / ceolchoirm
Cór Oirféis Shligigh	Clár Oiliúna do bhaill
Cumann Scannán Shligigh	Pictiúrlann sainealaíne a sholáthar
Feis Ceoil Shligigh	Féile bhliantúil taibhithe / Moltóireacht sa drámaíocht, ceol, etc.
Amhránaíocht Thraidisiúnta Shligigh	Ciorcal um chothú amhránaíochta traidisiúnta agus scéalaíochta / ábhar cartlainne
Feis Shligigh	Dhá scoláireacht chuig an nGaeltacht
Grúpa Damhsa Cos Cos	Ceardlanna
Cumann Drámaíochta Chliafuine	Léiriú Amaitéarach Drámaíochta
Acorn Players, Liatroim	Léiriú/ceardlanna amaitéaracha
Grúpa Clódóireachta Chluainín	Baill/ceardlanna uasoiliúna
Féile Ealaíon Cairde	Clár Rannpháirtíochta sna hEalaíona
Made in Sligo	Máistir-ranganna / seimineáir cheardaíochta
Ceirmeacht le Lynda Gault	Ranganna Potaireachta Tosaigh
Celene Irwin	Cúrsa Oiliúna don Oiliúnóir chun ranganna cniotála a sholáthar
Féile Bharócach	Féile Cheoil Bharócaigh Shligigh
Féile Cheardaíochta LilyLolly	Féile chun scileanna traidisiúnta a chothú

## Faisnéis Teagmhála

### PRÍOMHOIFIG, MAIGH EO

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
An Baile Nua,  
Caisleán an Bharraigh  
Contae Mhaigh Eo  
F23 DV78

Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board  
Newtown  
Castlebar  
Co. Mayo  
F23 DV78

**Guthán:** +353 (0)94 902 4188 **Facs:** +353 (0)94 902 4187 **Ríomhphost:** infomayo@msletb.ie

---

### SLIGEACH

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,  
Sráid na Cé  
Sligeach  
F91 XH96

### SLIGO

Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board,  
Quay Street  
Sligo  
F91 XH96

**Guthán:** +353 (0)71 91 94800 **Facs:** +353 (0)71 91 44121 **Ríomhphost:** infoSligo@msletb.ie

---

### LIATROMA

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,  
Ardán Sheoirse Naofa,  
Cora Droma Rúisc  
Contae Liatroma  
N41 W2X7

### LEITRIM

Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board,  
St. George's Terrace  
Carrick-on-Shannon  
Co. Leitrim  
N41 W2X7

**Guthán:** +353 (0)71 96 20024 **Fax** +353 (0)71 96 21362 **Email:** infoleitrim@msletb.ie

---

### LÁITHREÁN GRÉASÁIN

<http://mayosligoleitrim.etb.ie/>

---

## Gluais

<b>NSU</b>	Neamhoird de chuid speictream an uathachais
<b>TFAO</b>	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
<b>ARC agus C</b>	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
<b>PF</b>	Príomhfheidhmeannach
<b>CTR</b>	Cuideachta faoi Theorainn Rátháíochta
<b>IOP</b>	Ionaid Oiliúna Pobail
<b>ROS</b>	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
<b>RCS</b>	An Roinn Coimirce Sóisialaí
<b>CSE</b>	Ciste Sóisialta na hEorpa
<b>BCTE</b>	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
<b>BOO</b>	Breisoideachas agus Oiliúint
<b>FETAC</b>	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
<b>AII-BOO</b>	Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna
<b>TFC</b>	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
<b>ÚFT</b>	An tÚdarás Forbartha Tionscail
<b>CFPÁ</b>	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
<b>TOÁ</b>	Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
<b>COC</b>	Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil
<b>BOOMESL</b>	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
<b>LNTO</b>	<b>Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas</b>
<b>CNC</b>	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
<b>CCNC</b>	Creat na gCaihdheán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Oibre don Ógra
<b>IA</b>	Iar-Ardteistiméireacht
<b>DCCÉ</b>	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
<b>CCS</b>	An Clár Críochnaithe Scolaíochta
<b>RSO</b>	Riachtanais Speisialta Oideachais
<b>SDO</b>	Scileanna don Obair
<b>SSRP</b>	Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Shligigh
<b>IB</b>	An Idirbhliain
<b>SDOG</b>	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais